

FOIRM IARRATAIS AR DHEIMHNIÚ UM THABHAIRT CHUN RIALTACHTA

NA hACHTANNA UM RIALÚ FOIRGNÍOCHTA, 1990 AGUS 2007

IARRATAS AR DHEIMHNIÚ UM THABHAIRT CHUN RIALTACHTA

Chuig: **Comhairle Contae Dhún na nGall**

Déantar iarratas leis seo faoi Chuid IIIA de na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, 1997 agus 2009, ar Dheimhniú um Thabhairt chun Rialtacha i leith na n-oibreacha nó an fhoirgnimh lena mbaineann na líníochtaí a ghabhann leis seo

ÚSÁID OIFIGIÚIL

Dáta a Fuarthas: _____
Uimh. Thagartha Cláir: _____
Arna iontráil ar: _____
Arna iontráil ag: _____

1. IARRATASÓIR: Úinéir / Léas-sealbhóir (scríos de réir mar is cuí)

AINM IOMLÁN: _____

SEOLADH: _____

SÍNIÚ: _____

UIMH. THEILEAFÓIN: _____ DÁTA: _____

Úinéir na n-oibreacha nó an fhoirgnimh (murab ionann é/í agus an duine atá luaite thuas)

2. Suíomh na n-oibreacha nó an fhoirgnimh: _____

3. Aicmiú na n-oibreacha nó an fhoirgnimh

Foirgneamh nua a thógáil	TÁ	NÍL
Athrú ábhartha	TÁ	NÍL
Athrú ábhartha úsáide	TÁ	NÍL
Méadú ar fhoirgneamh	TÁ	NÍL

4. Cur síos ar na hoibreacha nó ar an fhoirgneamh: _____

5. I gcás go bhfuil athrú úsáide i gceist:

(a) Úsáid láithreach: _____

(b) Úsáid nua: _____

6. Oibreacha a bhaineann le foirgneamh nua a thógáil nó foirgneamh a bhfuil a úsáid ábhartha á hathrú:

(a) An líon stórtha íoslaigh _____

(b) An líon stórtha os cionn leibhéal na talún _____

(c) Airde an urláir uachtair os cionn leibhéal na talún _____ (méadair)

(d) Achar urláir an fhoirgnimh _____ (méadair chearnacha)

(e) Achar iomlán urlár na talún _____ (méadair chearnacha)

7. Oibreacha a bhaineann le méadú ar fhoirgneamh nó athrú ábhartha ar fhoirgneamh:

Achar urláir an mhéadaithe _____ (méadair chearnacha)

Achar urláir an athraithe ábhartha _____ (méadair chearnacha)

8. Cead Pleanála do na hoibreacha nó don fhoirgneamh atá i gceist:

Dáta a deonaíodh Cead Pleanála: _____

Uimh. Thagartha Pleanála: _____

9. Dáta a tosaíodh an tógáil:

An bhfuil tógáil an fhoirgnimh críochnaithe?:	TÁ	NÍL	
Dáta críochnaithe:			
An bhfuil an foirgneamh áitithe nó i mbun feidhme?:	TÁ	NÍL	
An bhfuil an foirgneamh fós á thógáil?:	25%	50%	75%
An bhfuil sé amhlaidh go ndearnadh aon mhodhnuithe ar an dearadh bunaidh le linn na tógála?:	TÁ	NÍL	
Má tá, an bhfuil sé amhlaidh gur lorgaíodh cead pleanála (dá mba ghá) do na modhnuithe?:	TÁ	NÍL	

10. Méid na Táille (atá ag gabháil leis an iarratas seo) € _____

TABHAIR FAOI DEARA: -

- 1. Ní mór Dearbhú Reachtúil a bheith ag gabháil leis an Fhoirm Iarratais seo ar Dheimhniú um Thabhairt chun Rialtacha.**
- 2. Is gá go mbeidh tacar iomlán deimhnithe líníochtaí do na hoibreacha nó don fhoirgneamh, mar a tosaíodh nó a tógadh, ag gabháil leis an Fhoirm Iarratais seo.**

Na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 agus 2007

Dearbhú Reachtuil le haghaidh Deimhniú um Thabhairt chun Rialtacha

Údarás Rialaithe Foirgníochta:

ÚSÁID OIFIGIÚIL

Uimh. Thagartha Cláir: _____

Dearbhaímse/dearbhaímidne _____

as _____

go sollúnta agus go fíreata gur fíor agus cruinn atá na líníochtaí, na doiciméid agus an fhaisnéis a soláthraíodh i dtaca leis an iarratas faoi iamh ar Dheimhniú um Thabhairt chun Rialtacha don fhoirgneamh mar a tógadh nó i leith na n-oibreacha a rinneadh go dtí seo:

de bhun airteagal 20C de na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, 1997 go 2009, agus go gcomhlíonann na hoibreacha Cuid B (Sábháilteacht ó Dhóiteán) den Dara Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin Foirgníochta ina hiomláine.

Dearbhaímse/dearbhaímidne go sollúnta comhaontú le hiniúchadh a bheith á dhéanamh ag an Údarás Rialaithe Foirgníochta ar na hoibreacha/ar an fhoirgneamh le linn dó a fheidhmeanna faoin Acht a chur i gcrích.

Dearbhaímse/dearbhaímidne cloí le haon choinníollacha, lena n-áirítear coinníollacha chun obair bhreise a dhéanamh, a measfaidh an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta iad a bheith riachtanach chun cur ar a chumas Deimhniú um Thabhairt chun Rialtacha a eisiúint.

Glacaimse/glacaimidne leis nach mbeidh aon éifeacht leis an Deimhniú um Thabhairt chun Rialtacha i gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha atá ag gabháil leis an Deimhniú ina n-iomláine agus chun sástacht an Údaráis Rialaithe Foirgníochta laistigh de thréimhse 4 mhí ó dháta eisiúna an Deimhniú.

Sínithe: _____

Dátaithe: _____

Sínithe i láthair Coimisinéara Mionnaí:

Ainm: _____

Seoladh: _____

Síniú: _____

Coimisinéir Mionnaí

Rabhadh: Is cion é do dhuine Dearbhú Reachtuil atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha a dhéanamh go feasach nó go meargánta.

TÁILLE AR IARRATAS AR DHEIMHNIÚ UM THABHAIRT CHUN RIALTACHTA

Déanfar an t-achar a ríomh bunaithe ar thomhas inmheánach an achair urláir ar gach urlár den fhoirgneamh

CUID A

Iarratas ar Dheimhniú um Thabhairt chun Rialtacht a leanas:	
(a) obair a bhaineann le foirgneamh a thógáil nó le méadú a dhéanamh air.	€500, nó €11.60 do gach méadar cearnach den achar urláir atá á sholáthar, cibé acu is mó.
(b) obair – (i) a bhaineann le hathrú ábhartha a dhéanamh ar an taobh istigh d'fhoirgneamh. (ii) a bhaineann le hathrú ábhartha a dhéanamh ar na dromchlaí seachtracha d'fhoirgneamh. (iii) a bhaineann le meascán de phointe (i) agus de phointe (ii) thuas	€500, nó €11.60 do gach méadar cearnach den achar urláir ábhartha, cibé acu is mó. €500 €500, nó €11.60 do gach méadar cearnach den achar urláir ábhartha, cibé acu is mó.
(c) foirgneamh ina bhfuil athrú ábhartha úsáide á dhéanamh	€500, nó €11.60 do gach méadar cearnach den achar urláir ábhartha, cibé acu is mó.
(d) oibreacha nó foirgneamh, ar ina leith a úsáidfear an foirgneamh lena mbaineann mar fhoirgneamh talmhaíochta.	€260, nó €3.20 do gach méadar cearnach os cionn 300 méadar chearnacha – (i) den achar urláir comhlán atá á sholáthar, nó (ii) den achar urláir ábhartha

CUID B

Is é €50,000 an táille uasta a bheidh iníoctha le hÚdarás Rialaithe Foirgníochta i leith iarratas ar Dheimhniú um Thabhairt chun Rialtacht.

Is é €500 an táille íosta a bheidh iníoctha. I gcás go ndéanfaidh Údarás Rialaithe Foirgníochta aisíocaíocht i leith iarratas ar Dheimhniú um Thabhairt chun Rialtacht, ní bheidh sé de thoradh ar an aisíocaíocht sin go laghdófar iarmhéid na táille go níos lú ná €500.

TABHAIR FAOI DEARA: Níor cheart airgead tirim a úsáid agus an íocaíocht thuasluaite á déanamh.

Deimhniú um Thabhairt chun Rialtacha

20C

- (1) I gcás gur tosaíodh nó gur críochnaíodh oibreacha i leith foirgneamh a thógáil, méadú a dhéanamh ar fhoirgneamh nó athrú ábhartha a dhéanamh ar fhoirgneamh gan deimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán, mar a cheanglaítear faoi airteagal 12(1), nó gan fógra 7 lá a chur isteach faoi airteagal 20A(1), cuirfear iarratas ar dheimhniú um thabhairt chun rialtacha faoi bhráid údarás rialaithe foirgníochta.
- (2)
 - (a) Beidh iarratas ar dheimhniú um thabhairt chun rialtacha san fhoirm atá sonraithe chun na críche sin sa Tríú Sceideal.
 - (b) Beidh na nithe seo a leanas ag gabháil le haon iarratas ar dheimhniú um thabhairt chun rialtacha—
 - (i) líníochtaí de na hoibreacha ábhartha mar a tosaíodh nó a tógadh iad, ionas gur féidir leis an údarás rialaithe foirgníochta a mheas cé acu a chomhlíonfaidh nó nach gcomhlíonfaidh na hoibreacha, mar a tosaíodh nó a tógadh de réir na líníochtaí, na ndoiciméad nó na faisnéise a cuireadh isteach, ceanglais Chuid B den Dara Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin Foirgníochta nó cé acu a bheidh nó nach mbeidh na hoibreacha i gcomhréir leis na ceanglais sin, de réir mar is cuí,
 - (ii) dearbhú reachtúil ón iarratasóir san fhoirm atá sonraithe chun na críche sin sa Tríú Sceideal, agus
 - (iii) cibé táille a fhorordófar ó am go chéile chun na críche sin i gCuid V.
- 3
 - (a) Ar iarratas ar dheimhniú um thabhairt chun rialtacha a fháil, déanfaidh údarás rialaithe foirgníochta—
 - (i) an dáta fála a stampáil ar na doiciméid, agus
 - (ii) breithniú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais mhír (2).
 - (b) I gcás go measfaidh údarás rialaithe foirgníochta go gcomhlíonann iarratas ar dheimhniú um thabhairt chun rialtacha ceanglais mhír (2), seolfaidh sé chuig an iarratasóir admháil ina luafar dáta fála an iarratais.
 - (c) I gcás go measfaidh údarás rialaithe foirgníochta nach gcomhlíonann iarratas ar dheimhniú um thabhairt chun rialtacha ceanglais mhír (2), féadfaidh sé, de réir mar is cuí leis, ag féachaint do mhéid na mainneachtana an t-airteagal sin a chomhlíonadh, na nithe seo a leanas a dhéanamh i scríbhinn—
 - (i) fógra a thabhairt don iarratasóir go bhfuil an t-iarratas neamhbhailí agus nach bhféadfaidh an t-údarás breithniú a dhéanamh air, nó
 - (ii) ceanglas a chur ar an iarratasóir cibé pleananna, ríomhaireachtaí, sonraíochtaí nó mionsonraí eile, nó cibé táille bhreise, a bheidh riachtanach chun an mhír sin a chomhlíonadh.

- (d) I gcás go seirbheálfadh údarás rialaithe foirgníochta fógra de réir fhomhír (c), seolfadh sé gach ceann de na doiciméid agus an táille a bhí ag gabháil leis an iarratas ar ais chuig an iarratasóir.
- (4) I gcás go ndéanfar iarratas ar dheimhniú um thabhairt chun rialtacha chuig údarás rialaithe foirgníochta, déanfaidh an t-údarás na nithe seo a leanas le linn dó breithniú a dhéanamh ar iarratas den sórt sin:
- (a) gan breithniú a dhéanamh ach ar a mhéid a chomhlíonfaidh na hoibreacha, má thosaítear nó má thógtar iad de réir na líníochtaí, na ndoiciméad agus na faisnéise a cuireadh isteach, ceanglais Chuid B den Dara Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin Foirgníochta nó ar a mhéid a bheidh na hoibreacha i gcomhréir leis na ceanglais sin, de réir mar is cuí, agus
- (b) aird chuí a thabhairt ar aon dispeansáid nó aon mhaolú i leith na n-oibreacha nó an fhoirgnimh lena mbaineann an t-iarratas nó atá ábhartha do na hoibreacha nó don fhoirgneamh sin.
- (5) I gcás go mbeidh claonadh in údarás rialaithe foirgníochta, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar iarratas ar dheimhniú um thabhairt chun rialtacha, deimhniú den sórt sin a dheonú faoi réir aon mhodhnú a dhéanamh ar na pleananna, na doiciméid nó an fhaisnéis lena mbaineann an t-iarratas, féadfaidh sé ceanglas a chur ar an iarratasóir pleananna, doiciméid nó faisnéis athbhreithnithe lena bhforáiltear do mhodhnú den sórt sin a chur faoina bhráid agus féadfaidh sé a chinneadh deimhniú um thabhairt chun rialtacha a dheonú i leith pleananna, doiciméid agus faisnéis athbhreithnithe a cuireadh isteach ar an bhealach sin.
- (6) (a) Féadfaidh údarás rialaithe foirgníochta, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar iarratas ar dheimhniú um thabhairt chun rialtacha agus iniúchadh a dhéanamh ar an fhoirgneamh de bhun mhír (b), deimhniú den sórt sin a dheonú fara coinníollacha nó gan choinníollacha, nó diúltú an deimhniú a dheonú, de réir mar a bheidh.
- (b) Beidh duine údaráithe ar bith i dteideal dul isteach, gach uile thráth réasúnach, ar aon talamh (ach a (h)údarás i scríbhinn mar dhuine den sórt sin a thabhairt ar aird má iarrtar sin air/uirthi) agus iniúchadh a dhéanamh ansin, chun críocha na Rialachán seo, ar aon fhoirgneamh agus ar aon phleananna nó doiciméid a bhaineann leis an fhoirgneamh sin.
- (c) San airteagal seo, ciallaíonn “duine údaráithe” duine a bheidh údaráithe i scríbhinn ag údarás rialaithe foirgníochta chun a bheith ina d(h)uine údaráithe chun críocha na Rialachán seo.
- (d) Beidh feidhm mutatis mutandis ag fo-ailt (3) go (7) den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990, amhail is dá mba thagairt do dhuine údaráithe arna c(h)eapadh de bhun an airteagail seo aon tagairt a dhéantar iontu do dhuine údaráithe.
- (e) Ní dhéanfar deimhniú um thabhairt chun rialtacha arna dheonú faoin Chuid seo a fhorléiriú mar cheann lena sonraítear gurb amhlaidh, i dtuairim an údaráis rialaithe foirgníochta, go gcomhlíonfaidh na hoibreacha, mar a tógadh de réir na bpleananna, na ndoiciméad agus na faisnéise a cuireadh isteach, ceanglais Chuid B den Dara Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin Foirgníochta ach amháin i gcás go gcomhlíonfar (laistigh de thréimhse 4 mhí) aon choinníollacha atá ag

gabháil leis an deimhniú, lena n-áirítear coinníollacha a bhaineann le hoibreacha breise a chur i gcrích.

- (7) I gcás go gcinneadh údarás rialaithe foirgníochta deimhniú um thabhairt chun rialtacha a dheonú, fara coinníollacha nó gan choinníollacha, beidh gach deimhniú den sórt sin san fhoirm atá sonraithe chun na críche sin sa Cheathrú Sceideal nó in aon fhoirm a bhfuil an éifeacht chéanna léi agus, i gcás go ndeonófar deimhniú um thabhairt chun rialtacha faoi réir coinníollacha, tabharfaidh an t-údarás rialaithe foirgníochta fógra don iarratasóir faoi na cúiseanna leis na coinníollacha sin.
- (8) I gcás go gcinneadh údarás rialaithe foirgníochta diúltú deimhniú um thabhairt chun rialtacha a dheonú, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir faoin chinneadh sin agus faoi na cúiseanna atá leis.
- (9) I gcás go ndeonóidh údarás rialaithe foirgníochta deimhniú um thabhairt chun rialtacha fara coinníollacha nó go ndiúltóidh sé deimhniú um thabhairt chun rialtacha a dheonú, tabharfaidh sé fógra don iarratasóir go bhféadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh chuig an Bhord in aghaidh chinneadh an údaráis rialaithe foirgníochta laistigh den tréimhse atá forordaithe i gCuid VI.”.

Cuid IIIB a chur isteach sna Príomh-Rialacháin.

8. Leasaítear na Príomh-Rialacháin trí na nithe seo a leanas a chur isteach tar éis airteagal 20C(9) (arna gcur isteach le hAirteagal 7 de na Rialacháin seo):